# Tangraim (Ainmhithe)

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Tomhas - achar, imlíne<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, comhchosach, comhshleasach, scailéanach, dronuilleach, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, traipéisiam, eitleog, peinteagán, heicseagán, heipteagán, ochtagán, achar, imlíne, teisiliú, meastachán, rothlaigh, suíomh |
| **Áiseanna** | puzail de thangraim, gné thangraim ar Uirlis Sórtála Mol Mata, páipéar cearnógach |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

1. **Gníomhaíocht 1**

   Iarr ar na daltaí coinín a chruthú, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu. Lig dóibh iad seo a roinnt le comhscoláire/leis an rang agus iad a chur i gcomparáid le chéile.

2. **Gníomhaíocht 2**

   Fiosraíonn daltaí na pictiúir eile d'ainmhithe is féidir a dhéanamh, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu. Lig dóibh iad seo a roinnt le comhscoláire/leis an rang agus iad a chur i gcomparáid le chéile.

3. **Gníomhaíocht 3**

   Fiosraíonn daltaí pictiúir eile is féidir leo a dhéanamh, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu. Ina mbeirteanna, cuireann siad ceann dá gcuid pictiúr i bhfolach agus tugann siad treoracha dá gcomhscoláire. Tá ar an dalta an pictiúr sin a athchruthú. Ansin, cuireann siad an iarracht i gcomparáid leis an phictiúr é féin. Ansin, malartaíonn siad na róil atá acu, is é an dalta a thug na treoracha ar dtús an dalta atá ag dul iad a fháil anois.

4. **Gníomhaíocht 4**

   Measann agus ansin ríomhann daltaí achar/imlíne gach pictiúir ainmhithe ó Ghníomhaíochtaí 1, 2 agus 3.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a thig leat a dhéanamh ó na píosaí tangraim a roghnaigh tú?<br>• An dtig leat Cruth X a dhéanamh?<br>• An bhfuil cruthanna ann nach bhfuil tú ábalta a dhéanamh ag úsáid na bpíosaí tangraim?<br>• Cad é imlíne/achar do chrutha? | • Cad é mar a bhí a fhios agat go rachadh do phíosaí le chéile le do chruth a dhéanamh?<br>• Cad é mar a bhí a fhios agat nach dtiocfadh leat Cruth X a dhéanamh?<br>• Cad é mar atá a fhios agat go bhfuair tú na cruthanna féideartha is féidir a dhéanamh?<br>• Cad é a d'fhoghlaim tú faoi chruth 2T ón ghníomhaíocht seo? |

## Difreáil

Socraigh líon na bpíosaí nó gcruthanna tógtha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

